
# Cluichí Ceannais Chumann na mBunscoil Bhaile Átha Cliath

Eochairfhocail: cluiche ceannais, Páirc an Chrócaigh, díomá, bródúil, sásta, neirbhíseach

Príomhscileanna: Éisteacht, scríobh, léitheoireacht

1. Cá raibh cluichí ceannais Chumann na mBunscoil ar siúl le dhá lá anuas?
2. Cad a tharla d'fhoireann Liana anuraidh?
3. An raibh a lán daoine i bPáirc an Chrócaigh le tacaíocht a thabhairt d'fhoireann Ellie?
4. Conas a mhothaigh Katie ag tús a cluiche?
5. An raibh deis agat féin freastal ar chluiche i bPáirc an Chrócaigh cheana?



Foghlaim TG4

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

# Cluichí Ceannais Chumann na mBunscoil Bhaile Átha Cliath

Anois, tar éis duit na ceisteanna sin a fhreagairt an féidir leat an dialann seo a léamh agus na ceisteanna a bhaineann léi a fhreagairt?

11 Meitheamh 2025

A Dhialann dhil,
A leithéid de lá! Táim tuirseach traochta anois! D'imir me i bPáirc an Chrócaigh inniu le foireann peile na scoile agus bhí an-lá go deo agam. Thosaigh an cluiche ag a 11 ar maidin agus bhí mé ag imirt i lár na páirce in éineacht le Seán. Bhí an ghrian ag scoilteadh na gcloch ar feadh an chluiche agus thaitin sé sin liom mar imrím go maith i gcónaí nuair a bhíonn dea-aimsir ann. Bhuel, cad é mar chluiche a bhí agam féin inniu. Scóráil mé cúl amháin agus sé chúilín ón imirt agus mé i m'fhear lár páirce. Ní cuimhin liom an uair dheireanach a d'imir mé chomh maith sin. Bhí bua sách bog againn, caithfidh mé a rá. Bhí ocht gcúilín eadrainn ag deireadh an chluiche. Nuair a shéid an réiteoir an fheadóg dheiridh thosaigh mé ag pocléim thart le háthas. Faoi dheireadh bhí cluiche ceannais Chumann na mBunscoil buaite againn. Chailleamar sa chluiche ceannais anuraidh agus bhí mé croíbhriste ach inniu is ag ceiliúradh atáimid. Chuamar ar ais go dtí an scoil tar éis an chluiche agus d'eagraigh na múinteoirí cóisir bheag dúinn. Bhí sé go hiontach ar fad. Bhuel, is cinnte nach ndéanfaidh mé dearmad ar an lá inniu go deo na ndeor.

Oíche mhaith,
Peadar


# Cluichí Ceannais Chumann na mBunscoil Bhaile Átha Cliath

1. Cé leis a raibh Peadar ag imirt i bPáirc an Chrócaigh inniu?
2. Conas a bhí an aimsir i rith an chluiche?
3. Cé mhéad a scóráil Peadar sa chluiche?
4. Cad a rinne Peadar nuair a tháinig deireadh leis an gcluiche?
5. Cad a d’eagraigh na múinteoirí don fhoireann peile nuair a tháinig siad ar ais go dtí an scoil?
6. An gceapann tú go raibh lá iontach ag Peadar inniu? Cén fáth?



# Cluichí Ceannais Chumann na mBunscoil Bhaile Átha Cliath

Anois, tar éis duit an dialann sin a léamh an féidir leat cuntas dialainne a scríobh faoi lá álainn a bhí agat féin agus tú i mbun do chaithimh aimsire. Ná déan dearmad ar an dáta a scríobh ar bharr an leathanaigh!



# Cluichí Ceannais Chumann na mBunscoil Bhaile Átha Cliath

Freagraí;

1. Páirc an Chrócaigh
2. Chaill siad/bhí an-bhrón orthu
3. Bhí/Bhí leath na scoile ann
4. Bhí sé beagáinín neirbhíseach

1. Foireann peile na scoile
2. Bhí an ghrian ag scoilteadh na gcloch
3. Cúl amháin agus sé chúilín
4. Thosaigh sé ag pocléim thart le háthas
5. Cóisir bheag

